EirGrid

# An tIarthuaisceart á Chumhachtú
# Nocht do thuairim

**Forléargas Tionscadail - Meán Fómhair 2025**







EirGrid.ie

Shainaithin EirGrid an gá leis an eangach leictreachais in Iarthuaisceart na hÉireann a threisiú agus tá siad anois ag breathnú ar roghanna chun amhlaidh a dhéanamh. Sa bhróisiúr seo, léirítear na roghanna beartaithe do na ciorcaid 220kV seo a leanas: Ciorcad 220kV Shrath na nEach go dtí an Clochar agus Ciorcad 220kV an Átha Leacaigh go Srath na nEach. Tá na roghanna á soláthar mar chuid den chlár "An tIarthuaisceart á Chumhachtú", agus tá EirGrid ag lorg aiseolas uait maidir leis na pleananna seo.

Tá eolas maidir lenár bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, sonraí maidir lenár gcuid imeachtaí eolais poiblí agus sonraí teagmhála ann ag bun an bhróisiúir seo freisin.

## Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann, ag tabhairt cumhacht ón áit a ngintear é chuig an líonra dáilte a chuireann an leictreachas a mbímid ag úsáid gach lá inár gcuid tithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéal ar fáil.

Tá EirGrid freagrach as a bheith i gceannas ar aistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin.



# An Clár “An tIarthuaisceart á Chumhachtú”


Chun tacú le spriocanna fuinnimh inbhuanaithe in-athnuaite an Rialtais agus chun freastal ar an méadú atá ag teacht ar leictreachas ar fud na tíre, ní mór dúinn líon an fhuinnimh in-athnuaite ar ár líonra a mhéadú go mór. Sin é an fáth go bhfuil EirGrid ag cur an chláir oibre is uaillmhianaí a rinneadh riamh ar chóras tarchurtha na hÉireann chun cinn faoi láthair. Áirítear leis sin treisithe, uasghráduithe, agus bonneagar nua ar fud na tíre. Nuair is féidir, tá EirGrid tiomanta do shaolré an bhonneagair atá ann cheana a fheabhsú agus cur leis chun an tionchar ar úinéirí talún agus ar phobail a íoslaghdú.

Is ionann **An tIarthuaisceart Á Chumhachtú** agus clár oibre beartaithe atá ceaptha chun comhtháthú foinsí breise in-athnuaite ar an eangach a chumasú, lena mbeifear in ann freastal ar an méadú níos airde ar leictreachas a bheidh ann san Iarthuaisceart amach anseo.

Leis sin, cuirfear le fás agus forbairt an gheilleagair ar fud an réigiúin.

Tá an bonneagar tarchurtha atá san Iarthuaisceart faoi láthair ar tí teorainn a thoillte a bhaint amach.

Chun soláthar leictreachais iontaofa agus inbhuanaithe chuig pobail, cónaitheoirí, scoileanna agus gnólachtaí a chinntiú, tá géarghá le bonneagar nua.



# Buntáistí an Tionscadail

Leis na hatreisithe eangaí seo, cuirfear toilleadh breise ar fáil chun leictreachas a sholáthar san áit a mbeidh géarghá leis amach anseo. Cuireann siad go mór leis an líonra leictreachais, lena dtacaítear le fás agus le forbairt gheilleagrach ar fud an réigiúin. Tríd an eangach a threisiú, cuideoidh na tionscadail seo le gnólachtaí, le scoileanna, le hospidéil, le tithe agus le feirmeacha soláthar slán leictreachais a chothabháil, agus comhtháthú foinsí breise leictreachais á chumasú ag an am céanna.

## Geilleagrach

Leis an tionscadal, éascófar comhtháthú leictreachais breise ar an eangach, lena gcuirfear le geilleagar an réigiúin agus tacú le hinfheistíocht mhéadaithe sa cheantar.

## Pobal

Tacú le pobail ina mbeidh bonneagar an tionscadail lonnaithe trí shochair áitiúla fhiúntacha a chur ar fáil.

## Áitiúil

Cuidiú le riachtanais mhéadaitheacha chónaithe, fostaíochta agus tithíochta an phobail áitiúil.

## Inbhuanaitheacht

Cuidiú le haistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.

## Slándáil an tsoláthair

Feabhas a chur ar sholáthar leictreachais ar fud oileán na hÉireann.



## Pleananna don Iarthuaisceart

Mar chuid den chlár seo, tá gá le dhá chiorcad nua 220kV i gceantar Ros Comáin, Shligigh, Liatroma agus Dhún na nGall. Agus tíreolaíocht, topagrafaíocht agus riachtanais áitiúla á gcur san áireamh, tá cinneadh déanta ag EirGrid go gcuirfidh an dá chiorcad beartaithe chun cinn mar thionscadail éagsúla, ach go mbaineann an tábhacht chéanna leo:

## Tionscadal Shrath na nEach go dtí an Clochar

Beidh ciorcad nua 220kV idir fostáisiún Shrath na nEach i gContae Shligigh agus fostáisiún an Chlochair i nDún na nGall.

## Tionscadal an Átha Leacaigh go Srath na nEach

Is éard a bheidh i gceist leis an tionscadal seo ná go gcuirfear ciorcad nua 220 kV in ionad cuid den chiorcad 110 kV atá ann cheana idir fostáisiún an Átha Leacaigh i Ros Comáin agus fostáisiún Shligigh, agus nascfar an ciorcad sin isteach i bhfostáisiún Shrath na nEach i Sligeach le ciorcaid nua 200 kV agus le ciorcaid nua 110 kV.

## Cad is ciorcad ann?

Nuair a deirimid 'ciorcaid', táimid ag déanamh tagairt do na cainéil a iompraíonn leictreachas idir dhá fhostáisiún. Cuirtear ciorcaid i bhfeidhm i bhfoirm línte lastuas nó cáblaí faoi thalamh go príomha. Tá EirGrid tiomanta le gach rogha inmharthana a mheas ó thaobh ciorcad a sholáthar de.



I dtosach báire, shainaithin EirGrid limistéar forleathan staidéir don dá thionscadal, mar a léirítear ar an léarscáil ar an leathanach thall. Ansin, rinne ár gcuid foirne staidéir fhorleathana chun cinneadh a dhéanamh ar na roghanna a bhí ar fáil chun riachtanais na dtionscadal a bhaint amach, ó thaobh na teicneolaíochta agus bealaí inmharthana do na ciorcaid de.



# Tionscadal Shrath na nEach go dtí an Clochar

Meastar gur cuid lag den eangach leictreachais í an eangach atá ag cur seirbhís ar fáil do Chontae Dhún na nGall agus do réigiún an Iarthuaiscirt i gcoitinne i láthair na huaire. Cé go ndearnadh uasghrádú ar chuid den bhonneagar 110kV sa réigiún le blianta beaga anuas, tá teorainneacha ann fós ar thoilleadh na heangaí sa réigiún. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar úsáid an leictreachais agus ar ghiniúint an fhuinnimh in-athnuaite araon sna blianta amach romhainn, agus is léir go bhfuil tuilleadh infheistíochta ag teastáil.

Chun aghaidh a thabhairt air seo, táthar ag moladh nasc nua 220kV idir fostáisiún Shrath na nEach i gContae Shligigh go Fostáisiún an Chlochair i nDún na nGall. Leis sin, cuideofar leis an eangach a threisiú agus cinnteofar soláthar leictreachais níos iontaofa don réigiún.




Sa méid seo a leanas, leagfar amach na roghanna teicneolaíochta agus na roghanna bealaigh arna meas ag ár bhfoireann chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích, ina léirítear an rogha teicneolaíochta is fearr feidhmíochta a sainaithníodh chun riachtanais an tionscadail seo a bhaint amach.

## Roghanna Teicneolaíochta - Tionscadal Shrath na nEach go dtí an Clochar

Agus bonneagar nua leictreachais á phleanáil, déanann EirGrid gach rogha teicneolaíochta fhéideartha a mheas go cúramach chun an toradh is fearr a chinntiú do na pobail, don chomhshaol, agus don chóras leictreachais.

**I gcás an tionscadail seo, bhreathnaíomar ar go leor slite le Fostáisiún Shrath na nEach i Sligeach a nascadh le Fostáisiún an Chlochair i nDún na nGall.**

Rinneamar fiosrú ar an bhféidearthacht an nasc iomlán a chur faoi thalamh.

Mar sin féin, tar éis staidéir mhionsonraithe, ba léir dúinn go gcruthófaí dúshláin shuntasacha don chaoi a mbíonn an eangach ag oibriú sa réigiún seo dá mbainfí úsáid as cábla 220kV faoi thalamh. Dhéanfadh sé difear d'iontaofacht agus do shlándáil an tsoláthair leictreachais. Mar sin, níor measadh an rogha seo a bheith inmharthana.

Rinneadh rogha hibrideach a mheas freisin, le teaglaim de chábliú faoi thalamh agus cáblú lastuas. Leis an rogha seo, rinneadh an fhéidearthacht cuid den chábla a chur ar dhromchla na farraige amach ó chósta Shligigh agus Dhún na nGall. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais maidir leis an méid sin ag EirGrid.ie/NorthWest.

I ndiaidh measúnú ilchritéir, measadh nach bhféadfaí an rogha seo a chur i bhfeidhm ar roinnt cúiseanna.

## An Rogha Is Fearr Feidhmíochta Atá Ag Teacht Chun Cinn - Tionscadal Shrath na nEach

I ngeall ar na tosca sin, is ionann an rogha is fearr feidhmíochta chun riachtanais an tionscadail seo a bhaint amach agus líne lastuas 220kV lena nascfar an dá fhostáisiún. Tá an rogha seo sainaitheanta mar an Rogha Teicneolaíochta Is Fearr Feidhmíochta Atá Ag Teacht Chun Cinn don tionscadal seo. Is féidir teacht ar eolas breise maidir leis na measúnuithe teicneolaíochta a rinneadh don tionscadal seo inár dtuarascála teicniúla EirGrid.ie/NorthWest.

# Roghanna Bealaigh - Tionscadal Shrath na nEach go dtí an Clochar

Tá staidéir fhorleathana den réigiún déanta ag ár bhfoireann tionscadail chun aon srianta a aithint a bhféadfadh tionchar a imirt ar bhealach an chiorcaid seo. Sainaithníodh roinnt srianta a chuirfidh teorainn leis na roghanna bealaigh. Áirítear an méid seo a leanas leis na srianta sin:

- **Srianta fisiciúla:**
  Mar gheall ar an tír-raon sléibhtiúil i gcodanna den réigiún, tá sé níos deacra rochtain a fháil ar limistéir ar leith. Ina theannta sin, cuireann an teorainn le Tuaisceart Éireann srian ar an taobh thiar den limistéar staidéir srian ar na roghanna de bharr nach mbeadh sé indéanta an tionscadal a shíneadh isteach i dTuaisceart Éireann mar gheall ar chomhaontuithe maidir le ceadúnú arna socrú ag rialtais náisiúnta an dá dlínse.

- **Tírdhreach agus amhairc:**
  Tá líon mór Ceantair Saintréithe Tírdhreacha, Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha, limistéir Ardscéimhe, agus Radhairc Chosanta ar fud limistéar staidéir an tionscadail i nDún na nGall, i Sligeach agus i Liatroim. Tá sé tábhachtach iad seo a chaomhnú agus dul i gcion ar an áit ar féidir bonneagar a chur.

- **Oidhreacht chultúrtha:**
  Tá líon mó sócmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus cultúrtha ar fud an limistéir staidéir, a chuir leis na srianta ar roghanna bealaigh. Ina theannta sin, tá baile Bhéal Átha Seanaidh ainmnithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall mar Bhaile Oidhreachta. Is cuid thábhachtach den phobal iad na sócmhainní cultúrtha sin agus ní mór go ndéanfar iad a mheas go cúramach agus plean an bhealaigh á dhréachtú.

- **An pobal agus an comhshaol:**
  Is mian le EirGrid tionchar ar an bpobal agus ar an gcomhshaol a íoslaghdú nó a sheachaint go hiomlán trí bhealaí a dhéanamh go cúramach. Seachnóimid bailte agus sráidbhailte agus rachaimid chomh fada amach agus is féidir ó thithe agus ó limistéir le leochaileachtaí comhshaoil (m.sh. coillearnacha agus portaigh).




## ttt

Tá gá le líne leictreachais 220kV nua chun Fostáisiún an Átha Leacaigh i Ros Comáin a nascadh le Fostáisiún Shrath na nEach i Sligeach. Tá an obair seo á pleanáil in éineacht leis na huasghráduithe ar líne 110kV eile atá ann cheana idir an tÁth leacach agus Sligeach. Le chéile, déanfaidh na huasghráduithe sin an eangach leictreachais sa réigiún a threisiú, rud a chuideoidh le soláthairtí cumhachta a choinneáil slán agus a thacóidh le fás amach anseo.

## Roghanna Teicneolaíochta - Tionscadal an Átha Leacaigh go Srath na nEach

Agus réitigh teicneolaíochta fhéideartha don tionscadal seo á meas, rinne EirGrid gach rogha fhéideartha a mheas.

Rinneadh rogha faoi thalamh a mheas don tionscadal seo, ina dtógfaí líne nua 220kV a thógáil faoi thalamh idir Fostáisiún an Átha Leacaigh agus Fostáisiún Shrath na nEach. Mar sin féin, bheadh riosca suntasach ag gabháil leis an rogha sin maidir le hiontaofacht na heangaí sa réigiún seo.

Is féidir teacht ar eolas breise maidir leis an rogha sin inár dtuarascálacha teicniúla EirGrid.ie/NorthWest.





## An Rogha Is Fearr Feidhmíochta Atá Ag Teacht Chun Cinn - Tionscadal an Átha Leacaigh go Srath na nEach

Tar éis staidéir mhionsonraithe, tá an méid seo a leanas sainaitheanta mar an Rogha Teicneolaíochta Is Fearr Feidhmíochta Atá Ag Teacht Chun Cinn don tionscadal seo.

- Líne nua 220kV (léirithe mar líne ghorm ar an léarscáil) a thall chur in ionad cuid den líne lastuas 110kV atá ann cheana idir an tÁth Leacach agus Sligeach.
- Líne nua 220kV a thógáil chun nascadh le Fostáisiún Shrath na nEach (léirithe mar shaighead ghorm).
- Líne nua 110kV a thógáil chun nascadh le Fostáisiún Shrath na nEach (léirithe mar shaighead ghlas éadrom).
- Cuid den líne 110kV atá ann cheana idir an tÁth Leacach agus Sligeach a bhaint.






# Conair Bealaigh - Tionscadal an Átha Leacaigh go Srath na nEach

Tá conair bhealaigh sainaitheanta ag ár bhfoireann chun línte nua a óstáil a ghabhann leis an rogha seo, atá scáthlínithe sa léarscáil thíos. Bunaíodh an chonair seo chun an líne ionaid ón Áth Leacach go dtí Srath na nEach a choinneáil chomh gar agus is féidir don ailíniúchán atá ann cheana.
Ní bheidh sé indéanta i gcónaí an t-ailíniúchán atá ann cheana a leanúint de bhrí go bhfuil seans ann go mbeidh constaicí ag baint le hathruithe don tírdhreach ónar tógadh an líne ar dtús.

Tiocfaidh na líne nua a nascfar le Fostáisiún Shrath na nEach faoin limistéar scáthlínithe den léarscáil ar an gcéad leathanach eile.

# Cad atá ag tarlú anois?

Tá na tionscadail seo á bhforbairt i gcomhréir le cur chuige 6 chéim EirGrid maidir le Forbairt Eangaí (a leagtar amach thíos), lena dtreoraítear an próiseas chun an réiteach is éifeachtaí a shainaithint agus a sholáthar chun na riachtanais a leagadh amach a bhaint amach.

**I láthair na huaire, tá an dá thionscadal ag Céim 3 den phróiseas seo.** Is é príomhaidhm Chéim 3 ná na roghanna teicneolaíochta is fearr feidhmíochta a chinneadh agus limistéir ábhartha staidéir a aithint a thacóidh le cur i gcrích na dtionscadal.



### Céim a hAon

Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint?

### Céim a Dó

Cén teicneolaíochtaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh?

### Céim a Trí

Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfadh sí seo difear a dhéanamh dó?

### Céim a Ceathair

Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála?

### Céim a Cúig

Iarratas ar chead pleanála.

### Céim a Sé

Tógáil, fuinnmhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt.

# Nocht do Thuairim

Agus iad i mbun staidéar ar an limistéar seo, shainaithin foirne ár dtionscadal roinnt srianta atá tar éis difear a dhéanamh do roghanna féideartha bealaigh na gciorcad nua seo. Cuirtear na srianta sin i dtábhacht in alt 4 agus in alt 5 den bhróisiúr seo. Táimid anois ar thóir ionchur ón bpobal maidir le haon srianta eile a bhféadfaidh difear a dhéanamh do sholáthar na gciorcad seo chun cuidiú linn conair dheiridh bealaigh a shainaithint le linn na céad chéime eile de na tionscadail.

Beidh an comhairliúchán poiblí ar siúl ó Dé Máirt an 16 Meán Fómhair go dtí Dé Máirt an 25 Samhain 2025.

Is mian linn do chuid tuairimí a chloisteáil. Is féidir páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán agus aiseolas a thabhairt ar go leor bealaí.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh ar líne nó tríd an bpost agus is é 5i.n. Dé Máirt an 25 Samhain an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí.

**Is féidir aighneachtaí a dhéanamh ar líne nó tríd an bpost agus is é 5i.n. Dé Máirt an 25 Samhain an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí.**

Is féidir aighneacht a dhéanamh trí thairseach comhairliúcháin EirGrid anseo. Is féidir aighneacht a dhéanamh trí thairseach comhairliúcháin EirGrid anseo.

Seol do chuid aighneachtaí chuig: NorthWest@EirGrid.com

Is féidir do fhreagra a chur isteach i gcóip chrua freisin trí shaorphost chuig an seoladh seo a leanas:

**An tIarthuaisceart á Chumhachtú,**
**EirGrid cpt,**
**SAORPHOST FDN 5312**
**160 Bóthar Shíol Bhroin,**
**Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4**
**D04 FW28**

# Imeachtaí Eolais

Freastal ar cheann dár n-imeachtaí faisnéise poiblí aghaidh ar aghaidh atá á reáchtáil sna háiteanna seo a leanas ar fud na limistéar staidéir chun tuilleadh eolais a fháil. Tar agus buail lenár bhfoireann agus nocht do thuairim.

| Suíomh | Dáta | Am |
|---|---|---|
| Imeacht Eolais 1 - Ionad Pobail BeePark, Cluainín, Co. Liatroma | Dé Céadaoin an 1 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |
| Imeacht Eolais 2 - Sligo Folk Park, Baile Idir Dhá Abhainn, Co. Shligigh | Déardaoin an 2 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |
| Imeacht Eolais 3 - The Bush Hotel, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma | Dé Céadaoin an 15 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |
| Imeacht Eolais 4 - Coláiste Cholmcille, Béal Átha Séanaidh, Co. Dhún na nGall | Déardaoin an 16 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |
| Imeacht Eolais 5 - Sligo Park Hotel, Co. Shligigh | Dé Céadaoin an 29 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |
| Imeacht Eolais 6 - Halla Pobail Leghowney, Co. Dhún na nGall | Déardaoin an 30 Deireadh Fómhair | 11r.n. - 6:30i.n. |



## Roghanna Ar Líne

Beidh dhá sheimineár gréasáin uair a chloig á n-óstáil againn ar líne ina gcuirfimid sonraí an tionscadail i láthair, le seisiún oscailte ceisteanna ina dhiaidh sin.

Reáchtálfar na seimineáir gréasáin Dé Máirt an 23 Meán Fómhair agus Dé Máirt an 4 Samhain ag 7-8i.n. ar Zoom.

Faigh tuilleadh eolais agus cláraigh don seimineár gréasáin seo ag EirGrid.ie/NorthWest.



# Fóram Pobail

Bunóidh EirGrid Fóram Pobail don Chlár "An tIarthuaisceart á Chumhachtú". Is é aidhm an Fhóraim seo a chinntiú go n-éistfear le glór na bpobal áitiúil agus a nglór sin a mbeidh tionchar ag ár mbonneagar orthu. Deis plé oscailte idir foireann an tionscadail agus páirtithe leasmhara a bhfuil suim acu sa tionscadal a bheidh san fhóram.

Beidh an Fóram Pobail rannpháirteach le EirGrid maidir le príomhfhorbairtí an tionscadail, mar shampla:

- an chaoi a dtugann muid faoi chumarsáid agus faoi rannpháirteachas leis an bpobal;
- nithe ar gá cuimhneamh orthu agus an tionscadal á fhorbairt; agus
- an chaoi ar féidir linn fíorbhuntáiste don phobal a chinntiú don cheantar a mbeidh ár mbonneagar ann.

Déanfaidh áisitheoir neamhspleách cathaoirleacht ar an bhFóram Pobail don Chlár "An tIarthuaisceart á Chumhachtú" agus feidhmeoidh sé mar chomhlacht comhairleach; ní thiocfaidh sé seo in áit aon rannpháirteachais ná aon chomhairliúcháin eile a dhéanann EirGrid.

Faigh eolas breise maidir le Fóraim Phobail EirGrid atá ann cheana ag EirGrid.ie/community.

Chun do chuid spéise a léiriú maidir le bheith mar chuid de cheann de na fóraim phobail don tionscadal seo, déan an cód QR a scanadh chun an Fhoirm Léirithe Spéise a líonadh amach.

Le go gcoinneofar ar an eolas tú faoi ghníomhartha an fhóraim le linn fhorbairt na heangaí seo, téigh chuig ár suíomh gréasáin EirGrid.ie/NorthWest.


# Ciste Sochair Pobail

Agus an clár "An tIarthuaisceart Á Chumhachtú" seo á fhorbairt, oibreoidh muid chun tacú le pobail mar chuid dár bpolasaí sochair pobail. Cuirfear ciste faoi leith ar fáil don cheantar le buntáistí díreacha a sholáthar do na pobail is gaire don bhonneagar nua. Tacaíonn an ciste seo, a bheidh ag teacht go cuí le scála an tionscadail, le cúiseanna áitiúla maithe agus cuidíonn sé le pobail athruithe a chur i bhfeidhm ina gceantar.

Is é an aidhm fhoriomlán atá leis lorg dearfach a fhágáil ar na pobail ina bhfuil bonneagar leictreachais.

Cuirfear tús leis an obair ar an scéim sochair pobail má fhaigheann agus nuair a fhaigheann an tionscadal cead pleanála. Ar an gcéad chéim den phróiseas ceapfar riarthóir neamhspleách den chiste sochair pobail, a oibreoidh leis an bhFóram Pobail agus le EirGrid chun straitéis sochair phobail a chomhfhorbairt.

Cuirfidh na cistí seo tacaíocht ar fáil do ghrúpaí áitiúla pobail, d'eagraíochtaí neamhbhrabúis agus d'fhiontair shóisialta a fheidhmíonn i bpobail nó a fhreastalaíonn ar phobail atá gar don bhonneagar nua.



# Céard é an chéad chéim eile?

Nuair a bheidh an t-aiseolas maidir le roghanna bealaigh bailithe, déanfaidh EirGrid staidéir bhreise chun an chéad chéim eile do na tionscadail seo a chinneadh. Leanfaimid leis an rannpháirteachas leis na pobail agus coinneoimid ar an eolas iad de réir mar a bhogann an tionscadal chun cinn.

## Conas teagmháil a dhéanamh linn:

Má bhíonn aon cheisteanna agat, déan teagmháil le duine dár nOifigigh thiomanta Idirchaidrimh don Phobal:




### Connell McLoone

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
connell.mcloone@eirgrid.com
+353 87 068 9410